



Secretariat of Secondary Schools CLG
Charity Number 20010089
JMB/AMCSS
Emmet House,
Milltown,
Dublin 14
D14V3K8
T: (01) 2838255
F: (01) 2695461
E: info@jmb.ie
W: www.jmb.ie

JMB/AMCSS Comhairleoir Bhainistíocht Scoile

Tá Rúnaíocht na Meánscoileanna (Secretariat of Secondary Schools CLG) i mbun earcaíochta le hArd-Rúnaí Cúnta a ainmniú. Sé seo an foras bainistíochta do na Meánscoileanna Deonacha ar fad i bPoblacht na hÉireann, a fheidhmíonn tríd JMB (the Joint Managerial Body) agus AMCSS (the Association of Management of Catholic Secondary Schools).

Tá an folúntas seo ag teacht chun cinn de bharr fás as cuimse atá tagtha le blianta beaga anuas ar na seirbhísí a chuireann JMB/AMCSS ar fáil. Tá ról ceannaireachta ag an JMB/AMCSS ag leibhéal náisiúnta, i bhforbairt, leagan amach agus cur i bhfeidhm polasaí oideachais agus labhraíonn ar son na meánscoileanna deonacha in idirbheartaíocht ar ghnéithe a bhaineann le ceannaireacht agus bainistíocht scoileanna. Anuas air sin, cuireann JMB/AMCSS tacaíocht, comhairle agus oiliúint ar fáil i réimse leathan d'ábhar a bhaineann le ceannaireacht agus bainistíocht in ár mball-scoileanna.

Ról an Chomhairleoir Bhainistíocht Scoile:

Is post sinsearach é seo san eagraíocht agus beidh ról lárnach ag an té a cheapfar i dtreorú agus i bhforbairt an obair a dhéanann an JMB/AMCSS ag soláthar seirbhísí comhairliúcháin do bhainistíocht scoileanna. Beidh an té a ainmneofar, an t-Ard-Rúnaí, na h-Ard-Rúnaithe Cúnta agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach ag obair as lámha a chéile le haidhmeanna straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach.

Freagrach don Ard-Rúnaí Cúnta (Comhairliúchán Bainistíocht Scoile), cleachtfaidh an té a cheapfar ceannaireacht de réir mar a éilíonn riachtanais na heagraíochta. Éileoidh dualgais an phoist seo sár-chumas solúbthachta agus tionscnaíochta.

Ina dteannta san beidh freagracht ar leith ag an té a cheapfar don ról as na nithe seo a leanas:

Comhairle do Bhainistíocht Scoile

Beidh an Comhairleoir Bhainistíocht Scoile mar bhall den fhoireann a thacaíonn le ceannairí scoile trí comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil i réimse leathan ceisteanna a thagann chun cinn i reáchtáil laethúil na scoile. I measc na réimsí tacaíochta agus comhairle a chuirfear ar fáil do bhainistíocht scoile beidh na nithe seo a leanas:

Scoláirí

- Iontráil, fionraí agus díbirt
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí áit a dhiúlú agus athchomharc faoi Alt 29
- Gearánta ó thuismitheoirí agus ó scoláirí atá 18 agus os a chionn
- Gnásanna frith-bhulaíochta agus cosaint leanaí
- Cúrsaí smachta
- Soláthar curaclaim agus tráthchláir.

Foireann Scoile

- Earcú múinteoirí, cúntóirí riachtanais speisialta (CRS) agus foireann choimhdeach
- Leithdháileadh, athlonnú, agus cearta CID múinteoirí
- Téarmaí agus coinníollacha múinteoirí, CRS agus foireann choimhdeach
- Ceapacháin príomhoidí, príomhoidí cunta agus poist fhreagrachta
- Tacú le bainistíocht scoile atá ag plé le h-achomharc in aghaidh ceapacháin
- Próiseas casaoide agus smachta do mhúinteoirí, CRS agus d'fhoireann choimhdeach
- Cur i bhfeidhm comhaontaithe náisiúnta, m.sh. Comhaontú Pháirc an Chrócaigh agus iad siúd a bhaineann le Maoirseacht agus Ionadaíocht.

Polasaithe agus Nósanna imeachta

- Comhairle a chur ar fáil maidir le ciorcláin agus treoirlínte ón Roinn Oideachais agus bunráin eolais a chur le chéile ina dtaobh
- Bheith freagrach as cásobair thar ceann an JMB
- Tacaíocht agus comhairle phroifisiúnta maidir le polasaithe agus deachleachtas a chur ar fáil do scoileanna
- Freastal, nuair is gá, ar éisteachtaí smachta agus casaoide.

Teagmháil le heagraíochtaí seachtracha

- Teagmháil le ASTI, TUI agus FÓRSA
- Teagmháil leis an Roinn Oideachais
- Teagmháil le gníomhaireachtaí agus eagraíochta ábhartha eile de réir mar is gá.

Soláthar Fhorbairt agus Oiliúint phroifisiúnta

- Ionduchtú do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Tánaisteacha
- Ionduchtú do Bhoird Bhainistíochta
- Cláracha náisiúnta i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais, m.sh. Cosaint Leanaí, ceannaireacht scoile
- Forbairt ghairmiúil eile ón JMB do cheannairí scoile.

Príomh-inniúlachtaí don ról

- Grinn-eolas agus tuiscint ar an gcóras scolaíochta in Éirinn agus go háirithe in earnáil na meánscoileanna deonacha
- Ard-chaighdeán cumarsáide, idir labhartha agus scríofa agus digiteach, m.sh., cur i láthair, tuairiscí agus aighneachtaí
- Scileanna idirbheartaíochta agus réiteach aighneas
- Cumas ceannaireachta agus tionscnaíochta agus cumas oibriú faoi bhrú

- Cumas oibriú leis an ngrúpa Comhairliúcháin bainistíochta agus leis an bhfoireann bhainistíochta shinsearach, le haidhmeanna straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach.

Riachtanais don phost:

- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal agus cumas taithí ar bhainistiú achmhainní daonna ag leibhéal sinsearach scoile nó a chomhionann a léiriú
- Léiriú cruthaithe gnóthachtála sa réimse seo
- Fís atá ag teacht le haidhmeanna na heagraíochta (c/f Bunreacht na heagraíochta R.3)
- Duine féin-spreagtha le hard-chumas ceannaireachta agus eagraíochta
- Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide den scoth agus cumas oibriú as a stuaim féin
- Taithí ar oibriú le nó tríd coistí ionadaíochta agus foirne
- Cumas léirchruthaithe ceannaireachta agus tionscnaíochta.

Ní mór don té a cheapfar cur amach a bheith aige/aici ar struchtúir, rialacha agus reachtaíocht a bhaineann le bainistíocht scoile.

Ionad Oibre: Beidh Comhairleoir Bhainistíocht Scoile lonnaithe in Oifig an Secretariat of Secondary Schools i dTeach Emmet, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 14. Tá polasaí cianoibre á fhorbairt faoi láthair ag an eagraíocht.

Saghas Poist: Is post é seo ar chonradh seasta trí bliana, le tréimhse promhaidh sé mhí, a bhféadfaí a shíniú go naoi mí.

Tuarastal: Ag teacht le taithí.

Uaireanta Oibre: Sé an ghnáth-sheachtain oibre Luan go hAoine, le gnáth-uaireanta oibre ó 9.00 r.n. go 5.00 i.n.. Ach tarlóidh sé ó am go céile, toisc nádúr an phoist, go mbeidh gá le freastal ar chruinnithe agus cúrsaí oiliúna tráthnóntaí agus Dé Sathairn.

Iarratais:

Glacfar le hiarratais roimh an spriocdháta, **Déardaoin, 12ú Bealtaine 2022 ar 5.00 i.n.**

Sé an Secretariat of Secondary Schools CLG atá mar fhostóir.

Is fhostóir chomdheiseanna é an Secretariat of Secondary Schools CLG.

**Tá foirm iarratais ar fáil ag: www.jmb.ie
JMB Secretariat of Secondary Schools,
Emmet House,
Milltown,
Dublin 14,
D14 V3K8**

Aibreán 2022